Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Iúil 2021
(OR. en)

10788/21

AGRI 345

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an bplean gníomhaíochta chun an táirgeadh orgánach a fhorbairt<br>- Formheas |

Tar éis don Choiste Speisialta um Thalmhaíocht formhuiniú leathan a thabhairt le linn an chruinnithe a bhí aige an 12 Iúil don téacs atá i gceangal leis seo de na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite, agus tar éis do na toscaireachtaí a dhearbhú nach ndearna siad agóid i gcreat próisis neamhfhoirmiúil i scríbhinn a raibh spriocdháta an 13 Iúil i gceist leis, iarrtar ar an gComhairle na Conclúidí seo a ghlacadh gan aon athrú le linn an chruinnithe a bheidh aici an 19 Iúil 2021.

Iarrtar ar na Ballstáit, le linn na díospóireachta poiblí a bheidh ar siúl chun go nglacfar na conclúidí, a dtosaíochtaí don earnáil orgánach a thabhairt dá n-aire, agus aird á tabhairt ar chur i bhfeidhm an chreata nua maidir le táirgeadh orgánach ón 1 Eanáir 2022, ar Phlean Gníomhaíochta an Choimisiúin agus ar théacs na gConclúidí ón gComhairle.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis an bplean gníomhaíochta chun an táirgeadh orgánach a fhorbairt**

**Déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh an méid seo a leanas:**

(1) **MEABHRAÍTEAR DI** na Conclúidí ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2020 maidir leis an straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' agus Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle.

(2) **CUIRENN SÍ I dTÁBHACHT** go gcuireann an fheirmeoireacht orgánach agus an táirgeadh orgánach go mór le hinbhuanaitheacht agus ceannasacht talmhaíochta agus táirgthe bia na hEorpa a áirithiú.

(3) **TUGANN SÍ DÁ hAIRE** an acmhainneacht atá ann do tháirgeoirí orgánacha agus do gheilleagair tuaithe tairbhí suntasacha eacnamaíocha agus eile a bhaint amach trí ioncaim a dhaingniú agus tacú leo agus trí fhostaíocht a chruthú, agus ag an am céanna, rannchuidiú suntasach a dhéanamh chun an comhshaol agus an bhithéagsúlacht a chosaint, an t-athrú aeráide a chomhrac agus leas ainmhithe a fheabhsú.

(4) **IS DÍOL SÁSAIMH DI** an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Plean Gníomhaíochta chun an Táirgeadh Orgánach a Fhorbairt, lena léirítear ról lárnach na feirmeoireachta orgánaí agus an táirgthe orgánaigh sa straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' agus i Straitéis Bithéagsúlachta an Aontais, teachtaireacht darb aidhm samhlacha níos inbhuanaithe don táirgeadh talmhaíochta agus do na córais bhia a chur chun cinn, agus lena dtacaítear le baint amach na sprice 25 % de thalamh talmhaíochta an Aontais a bheith faoi fheirmeoireacht orgánach agus méadú suntasach a chur ar an dobharshaothrú orgánach. **MEABHRAÍEAR DI** gur cheart do gach Ballstát rannchuidiú leis an iarracht chomhchoiteann.

(5) **TACAÍONN SÍ** leis an bPlean Gníomhaíochta agus a bhfuil d'aidhm leis feirmeoirí a spreagadh agus tacú leo iompú ar an bhfeirmeoireacht orgánach agus **CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR** go gcaithfear tacú le feirmeoirí atá ag brath ar na líonraí atá ann cheana féin dul i mbun na feirmeoireachta orgánaí. **AITHNÍONN SÍ** ina leith sin an acmhainneacht a bhaineann le modhanna feirmeoireachta inbhuanaithe eile chun cur leis na tairbhí don chomhshaol agus chun an t-athrú go feirmeoireacht orgánach a éascú. **TAGANN SÍ LEIS AN TUAIRIM** go bhféadfadh costais níos ísle a bheith ag baint le deimhniúchán grúpa agus go bhféadfadh ualach riaracháin níos ísle a bheith ann do tháirgeoirí orgánacha agus do phróiseálaithe orgánacha, agus an inrialaitheacht á coinneáil ar bun ag an am céanna.

(6) **IS DÍOL SÁSAIMH DI** an cur chuige cuimsitheach maidir le forbairt na feirmeoireachta orgánaí agus an táirgthe orgánaigh sa Phlean Gníomhaíochta agus **AONTAÍONN SÍ** go bhfuil éileamh, táirgeadh agus inbhuanaitheacht ar na príomhthosca a bhaineann le forbairt na hearnála a thuilleadh.

(7) **CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR** ag an am céanna go gcaithfear cur chuige atá dírithe ar an margadh agus ar fhorbairt chothrom ar éileamh agus ar sholáthar a áirithiú chun brabúsacht do mhargadh bia orgánaigh agus d'fheirmeoirí orgánacha a áirithiú san Aontas amach anseo.

(8) **AONTAÍONN SÍ** go bhféadfadh na gníomhaíochtaí atá beartaithe sa phlean gníomhaíochta cur le forbairt dhearfach bhreise na feirmeoireachta orgánaí agus an táirgthe orgánaigh san Aontas.

(9) **ATHDHEARBHAÍONN SÍ** ina leith sin go gcaithfear aird a thabhairt ar shainiúlachtaí agus túsphointí, imthosca agus dálaí éagsúla na mBallstát agus na réigiún sna Ballstáit, agus ar a bhfuil bainte amach go dtí seo nuair a bheidh spriocanna agus idirghabhálacha á sainiú mar thaca leis an bhfeirmeoireacht orgánach agus leis an táirgeadh orgánach i bpleananna straitéiseacha náisiúnta faoin gComhbheartas Talmhaíochta agus i bpleananna gníomhaíochta orgánacha náisiúnta deonacha.

(10) **CUIREANN SÍ I dTREIS** go mbeidh rath an Phlean Gníomhaíochta ag brath ar rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí uile, lena n-áirítear an earnáil phoiblí, ar gach leibhéal rialachais agus ar an earnáil phríobháideach go léir ar feadh an tslabhra luacha agus **CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR** go gcaithfear bearta a chomhordú ar gach leibhéal chun na sineirgí is fearr is féidir a bhaint amach.

(11) **AITHNÍONN SÍ** ag an am céanna go mbeidh cur chun feidhme na mbeart sin go léir dúshlánach do gheallsealbhóirí san earnáil feirmeoireachta orgánaí.

(12) **TACAÍONN SÍ** leis na gníomhaíochtaí a leagtar amach chun an t-éileamh a spreagadh agus chun muinín na dtomhaltóirí a áirithiú, lena n-áirítear trí bhuiséad uaillmhianach i mbeartas cur chun cinn an Aontais agus **IS DÍOL SÁSAIMH DI** go háirithe an aidhm atá le feasacht a mhúscailt i ndáil leis an bhfeirmeoireacht orgánach agus le lógó an Aontais, lena n-áirítear trí scéimeanna scoileanna orgánacha.

(13) **CREIDEANN SÍ** gur cheart go gcuideofaí le dáileadh agus díolachán táirgí orgánacha a mhéadú trí úsáid níos mó a bhaint as soláthar poiblí glas agus trí rannpháirtíocht níos láidre ón earnáil phríobháideach.

(14) **ATHDHEARBHAÍONN SÍ** an tábhacht a bhaineann le muinín na dtomhaltóirí agus le gníomhaíochtaí lena ndírítear ar inrianaitheacht agus ar mhaoirseacht níos fearr, chomh maith leis an gcóras rialuithe san Aontas agus i dtríú tíortha araon chun calaois sa táirgeadh orgánach agus sa trádáil orgánach a chosc, lena n-áirítear trí réitigh TF a úsáid.

(15) **AITHNÍONN SÍ** go gcaithfear tuilleadh forbartha a dhéanamh feadh gach céim den slabhra soláthair chun an táirgeadh agus an phróiseáil a spreagadh.

(16) **AONTAÍONN SÍ** go bhfuil uirlisí tábhachtacha in CBT tar éis 2020 chun dreasachtaí leordhóthanacha breise a chur ar fáil d'fheirmeoirí agus do phróiseálaithe chun aistriú a chumasú agus/nó chun ardleibhéal feirmeoireachta orgánaí a áirithiú sna Ballstáit faoi seach. **AITHNÍONN SÍ** go mbeidh ról tábhachtach ag an bhfeirmeoireacht orgánach agus ag an táirgeadh orgánach sna pleananna straitéiseacha náisiúnta faoin gcomhbheartas talmhaíochta.

(17) **AITHNÍONN SÍ** go molann an Coimisiún do na Ballstáit pleananna gníomhaíochta náisiúnta nó treochláir a leagan amach chun an fheirmeoireacht orgánach agus an táirgeadh orgánach a fhorbairt. **ATHDHEARBHAÍONN SÍ** gur ar bhonn deonach a dhéanfar na pleananna gníomhaíochta náisiúnta.

(18) **IS DÍOL SÁSAIMH DI** go háirithe na gníomhaíochtaí a bhaineann le heagrú slabhraí bia, agus é sin i gcomhthéacs na margaíochta dírí agus slabhraí soláthair gairide a chothú i gcomhréir le feidhmiú an mhargaidh aonair.

(19) **CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT** ábharthacht na forbartha áitiúla agus na n-éiciréigiúin bunaithe ar an iliomad seachtrachtaí dearfacha san earnáil orgánach ó thaobh na fostaíochta agus an chuimsithe shóisialta de. **ATHDHEARBHAÍONN SÍ** a thábhachtaí atá sé go mbeadh fáil ar phórtha agus cineálacha dúchasacha, ar ábhar ilchineálach orgánach, agus ar chineálacha plandaí ardtáirgeachta atá oiriúnach do tháirgeadh orgánach agus do shíol orgánach.

(20) **AITHNÍONN SÍ** a thábhachtaí atá sé dlús a chur le forbairt an dobharshaothraithe orgánaigh san Aontas.

(21) **ATHDHEARBHAÍONN SÍ** go gcaithfear an cur chuige sistéamach taighde san fheirmeoireacht orgánach a neartú chun ionchais na sochaí a shásamh, trí níos mó airde a thabhairt ar leas ainmhithe agus trí úsáid níos éifeachtúla acmhainní a chothú. **IS DÍOL SÁSAIMH DI** rún an Choimisiúin cistiú a chur ar leataobh faoin gclár Fís Eorpach le haghaidh tionscadail taighde agus nuálaíochta d'acmhainní géiniteacha agus do roghanna malartacha atá sábháilte, éifeachtach agus inacmhainne a fhorbairt in ionad na dtáirgí cosanta plandaí atá ann faoi láthair. **IARRANN SÍ** ar an gCoimisiún féachaint ar thacaíocht bheartais i réimse an taighde agus na nuálaíochta do na tíortha sin ina bhfuil an earnáil fós chun deiridh.

(22) **MEASANN SÍ** gur bunús é infhaighteacht beatha orgánaí próitéine agus vitimíní chun tuilleadh feirmeacha beostoic a spreagadh chun iompaithe agus chun forbartha agus **IARRANN SÍ** ar an gCoimisiún na tionscnaimh a luaitear sa Phlean Gníomhaíochta i réimse an chothaithe orgánaigh a fhorbairt, lena n-áirítear tionscnaimh a bhaineann le breiseáin bheatha agus taighde ar úsáid feithidí agus bithmhais mhuirí mar ábhair bheatha.

(23) **IS DÍOL SÁSAIMH DI** go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún na nósanna imeachta údarúcháin do tháirgí bitheolaíocha cosanta plandaí atá bunaithe ar mhiocrorgánaigh agus do tháirgí cosanta plandaí a mbaineann riosca íseal leo a oiriúnú (i.e. na táirgí sin atá bunaithe ar eastóscáin plandaí agus fearamóin). **CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR** go gcaithfear, i gcás inarb iomchuí, úsáid táirgí cosanta plandaí malartacha agus modhanna cosanta plandaí, amhail iad siúd ina bhfuil substaintí gníomhacha bitheolaíocha, a chothú, agus seirbhísí comhairleacha feirme a neartú sa chomhthéacs sin.

(24) **IS DÍOL SÁSAIMH DI** an chaibidlíocht atá ar na bacáin le comhpháirtithe trádála an Aontais maidir le comhaontuithe coibhéise cómhalartacha don táirgeadh orgánach agus tá sí ag súil le faisnéis rialta a fháil maidir le conas mar atá ag éirí leis an gcaibidlíocht sin.

(25) **CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR** go bhfuil trédhearcacht mhéadaithe sa mhargadh tábhachtach le haghaidh tuilleadh forbartha agus aird chuí á tabhairt ar an ngá atá ann an t-ualach costais agus riaracháin a theorannú agus ar phrionsabal an tsimplithe do gheallsealbhóirí agus do riaracháin phoiblí.

(26) **IARRANN SÍ** ar an gCoimisiún tuarascáil a thabhairt go tráthrialta ar chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí chun tacú le forbairt na feirmeoireachta orgánaí agus an táirgthe orgánaigh san Aontas.

(27) **IS DÍOL SÁSAIMH DI** tionscnaimh ghaolmhara agus is fada léi lá orgánach bliantúil an Aontais chun an fheirmeoireacht orgánach agus an táirgeadh orgánach a chur chun cinn ar fud an Aontais.